## An Coiste Tréadach - Tuairisc Oibre do 2024

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: | An Canónach Pádraig Ó Baoill |
| Rúnaí: | Caitríona Uí Chatháin *go 6/24* |
| Cisteoir: | Giollamuire Ó Murchú (*Pobal an Aifrinn*), *Rúnaí pro tem ó 9/24* |
| Comhaltaí: | An tAthair Liam Ó Cuív SP |
| | An tAthair Vasyl Kornitsky SC |
| | Paula Ní Shlatara (*Pobal an Aifrinn*) |

### Gnó Coiste

Bhí ocht gcruinniú i 2024, ar 16 Eanáir, 15 Feabhra, 13 Márta, 24 Aibreán, 1 Bealtaine, 12 Meitheamh, 25 Meán Fhómhair, 17 Deireadh Fómhair, agus 4 Nollaig, iad uile in Ionad Acmhainne Pharóiste N. Bríd, Cill Easra. Ghabh ár rúnaí ar scor thar samhradh, leis an gcisteoir ag glacadh a cúramaí. Níor earcaíodh baill nua, ach tá súil le seo i rith 2025, leis na cruinnithe ag bogadh ó 2 pm go déanach tráthnóna le go dtig le breis ball freastal.

### Liotúirgí áitiúla & ceiliúraithe

Sé aidhm an Choiste, ag dul le litreacha polasaí a d'eisigh an Ard-deoise i 2008 agus 2016 ar ár n-iarratas, ná liotúirgí Gaeilge d'ard-chaighdeán a bhuanú i ndúichí na hArd-Deoise, ag nascadh na seirbhíse seo le cúram tréadach na nGaelscoileanna. Faoi láthair, tá an teanga in úsaid go rialta Dé Domhnaigh i 13 eaglais: gach seachtain i ndeich gcás, uair sa mhí i dtrí chás eile, le seanmóir Gaeilge coitianta i thart ar chúig eaglais. I dtrí chás, Baile an tSaoir, Draighneán, agus Dún Laoghaire, cuidíonn an Coiste le soláthar chuairteoirí sagart agus íocann a síntiúis. Tá ard-mholadh tuilte ag na sagairt uile seo: gan a ndíogras agus a ndílseacht don mhisean, ní fhéadfadh an Coiste ár n-aidhmeanna a chur i gcrích.

Ar fud na hArd-Deoise b'ionann an cúram Domhnaigh i 2024 le 2023. Leis an gcúram seo a chaomhnú amach anseo, ámh, beidh gá le tacaíocht leanúnach ó na paróistí cuí, agus níor mhiste seo a chur san áireamh agus ceapacháin Deoise á mbeartú.

Leanann an Coiste ag uasdátú a liostaí sagart le Gaeilge. Thar na blianta, bhíodh sagairt líofa as na hOird ag cuidiú go mór lenár mhisean, ach bogadh roinnt acu ó shin go tithe oird eile, nó go postanna deoise Gaeltachta. Cé nach raibh mórán toradh ar litir ónár gCathaoirleach i mBealtaine 2024 chuig dheich n-Ord, ag lorg cabhrach (gheall dhá Ord go n-inseodh siad dá mbaill faoin iarratas), tá a fhios againn faoi shagairt líofa sna hOird céanna sin, iad gafa faoi láthair le dualgais eile san Ard-Deoise, a d'fhéadfaí a gcabhair a lorg amach anseo.

### Liotúirgí bliantúla

Ar Lá Fhéile Pádraig 2024, ceiliúradh Aifrinn i nGaeilge nó dátheangach in 18 eaglais san Ard-Deoise, laghdú beag ar an 21 a ceiliúradh i 2023. Ceiliúradh Tréan na Cásca, agus Aifreann na Gine Oíche Nollag, in eaglais amháin, séipéal Ollscoile Belfield. Bhí an tinreamh ar aon dul le 2023. Ar 3/12/24 chualamar ó shéiplíneacht na hOllscoile nach mbeadh fáil againn ar an séipéal seo do Thréan na Cásca i 2025, agus go mba ghá malairt ionaid a aimsiú.

### Craoltaí

Ag éirí as plé an Chathaoirligh le Raidio na Gaeltachta, i 2024, don chéad uair ó 2020, craoladh Aifrinn Domhnaigh i nGaeilge arís ó eaglaisí san Ard-Deoise: Dún Laoghaire, N. Peadar Bré, Ascaill Choill na Feá (Raghnallach), Baile an tSaoir, Dhraighneán/Sord (faoi dhó), agus Baile Dúill, áit go raibh an tEaspag Dónall de Róiste mar cheiliúraí.

### Gaelscoileanna agus na Sacraimintí

I rith na bliana, rinne an Cathaoirleach na gnáth-réitigh faoi ceiliúraithe a sholáthar do Shacraimint an Athmhuintearais, don Chéad Chomaoineach, agus do Shearmanas an tSolais agus Sacraimint an Chóineartaithe, ag 52 Gaelscoileanna na hArd-Deoise.

### Saothar éacúiméineach

Mí Eanair 2024, ní raibh ar chumas ár gcomhleacaithe i gCumann Gaelach na hEaglaise (de chuid Eaglais na hÉireann) an comh-sheirbhís bliantúil d'Aontacht na gCríostaithe in Ardeaglais Theampall Chríost a riar, mar go raibh siad gafa ag an am le heagrú Eocairist

Anglacánach Domhnaigh i nGaeilge, don chéad uair riamh, san Ardeaglais sin, mar chuid de chomóradh 1500 bliain ar Naomh Bríd. Ach ag eirí as cruinnithe idir ionadaithe ónár ndá choiste ó shin, aontaíodh ár ngnáth-sheirbhís éacúiméineach a riar arís i 2025.

### Foilseacháin

I dtús 2023 thosaigh an Coiste ag soláthar cabhair profála do chlódóirí na mbileog Aifrinn Gaeilge, *CL Print* i nGaeltacht na Gaillimhe, lena chinntiú go gcloíonn a dtéacsanna le *Leabhar Aifrinn Rómhánach* 2017, *Leicseanáir* 1970, agus an *Ordo*. Leanamar le seo i 2024.

Faoi dheireadh 2024, dhíol an Coiste 540 cóip d'ár leabhrán d'oidí agus do thuismitheoirí ag ullmhú daltaí Gaelscoile don Chéad Fhaoistin, *A Thiarna Dean Trócaire.*

### Tacaíocht do na pobail Aifrinn áitiúla

Mar is nós ó 2020, leanann an coiste ag soláthar ábhair do lucht cabhartha na nAifreann, san Ard-Deoise agus leasmuigh di: Léachtaí agus Guí an Phobail mar áis do léitheoirí, agus Preafaidí (nach mbíonn sna bileoga i gcónaí) agus nótaí seanmóra do cheiliúraithe.

### Aistriúcháin

Ba nós tráth leagain Gaeilge de litreacha Ardeaspaig agus ábhair eile deoise á sholáthar mar chuirtéis dár bpobail Aifrinn. I 2021 luamar inár n-aighneacht do thasc-fhórsa na hArd-Deoise nár mhiste an nós a athnuachan. I mbliana, lorg an Bord Náisiúnta um Chosaint Leanaí san Eaglais Chaitliceach in Éirinn leagan Gaeilge ar roinnt dá gcuid ábhair, agus bhí ar ár gcumas aistritheoir gairmiúil a earcú leis an iarratas seo a shásamh.

### Fógraíocht

I rith na bliana, rinne an Coiste ár ngnáth-fhógraíocht faoi liotúirgí agus imeachtaí eile, trí oifig cumarsáide na hArd-Deoise, na meáin shóisialta, agus le ríomhphost.

Meitheamh 2025

---

## An Coiste Tréadach - Report of Activities for 2024

| | |
|---|---|
| Chair: | An Canónach Pádraig Ó Baoill |
| Secretary: | Caitríona Uí Chatháin *to 6/24* |
| Treasurer: | Giollamuire Ó Murchú (*Pobal an Aifrinn*), *Secretary pro tem from 9/24* |
| Members: | An tAthair Liam Ó Cuív SP |
| | An tAthair Vasyl Kornitsky SC |
| | Paula Ní Shlatara (*Pobal an Aifrinn*) |

### Committee business

Eight meetings were held in 2024, on 16 January, 15 February, 13 March, 24 April, 1 May, 12 June, 25 September, 17 October, and 4 December, all at St. Brigid's Parish Resource Centre, Killester. Our secretary retired over the summer, with the treasurer taking up her duties. No new members were recruited, but this is expected during 2025, with meetings moving from 2 pm to late in the evening to enable more members to attend.

### Local liturgies & celebrants

An Coiste's aim, in line with diocesan policy letters issued at our request in 2008 and 2016, is to maintain a provision of Irish liturgies of a high standard in the districts of the Archdiocese, linking this service to the pastoral care of the Irish medium schools. At present, the language is in regular use on Sunday in 13 churches, weekly in ten cases, monthly in three others, with an Irish homily usual in about five of these. In three instances, Ballinteer, Drynam and Dun Laoghaire, An Coiste assists with the supply of visiting priests and pays their stipends. Special praise is due to all of these priests: without their commitment and loyalty to the mission, it would not be possible for an Coiste to achieve our aims.

Across the Archdiocese 2024 Sunday provision was the same as in 2023. However, maintaining this in future will require the sustained support of the relevant parishes, a factor to be considered when deciding diocesan appointments.

An Coiste continues to update its lists of priests with Irish. Over the years fluent priests from the Orders greatly assisted our mission, but a number have since been moved either to other

houses or to Gaeltacht diocesan postings. While a letter by our Chair in May 2024 to ten Orders seeking assistance yielded limited results (two Orders agreed to inform their members of our request), we know of fluent priests in these Orders, currently on other duties in the Archdiocese, whose help might be sought in the future.

**Annual Liturgies**

On St Patrick's Day 2024, Irish or bilingual Masses were celebrated in 18 churches in the Archdiocese, a slight fall from the 21 celebrated in 2023. The Easter Triduum, and *Aifreann na Gine* on Christmas Eve, were celebrated in one venue, the University chapel at Belfield. Attendance was similar to 2023. On 3/12/24, we heard from the University chaplaincy that this chapel would not be available for our 2025 Easter Triduum, and that another venue would have to be found.

**Broadcasts**

Arising from the Chair's discussions with Raidio na Gaeltachta, in 2024, for the first time since 2020, Sunday Mass in Irish was broadcast again from churches in the Archdiocese - from Dún Laoghaire, St. Peter's Bray, Beechwood Avenue (Ranelagh), Ballinteer, Drynam/Swords (twice), and from Baldoyle, where Bishop Dónall de Róiste officiated.

**Gaelscoileanna and the Sacraments**

During the year, the Chair made the usual arrangements to provide celebrants for the Sacrament of Reconciliation, for First Communion, and for the Ceremony of Light and the Sacrament of Confirmation, in the 52 Irish medium schools in the Archdiocese.

**Ecumenical activity**

In January 2024, our colleagues in *Cumann Gaelach na hEaglaise* (the Irish language guild of the Church of Ireland) were unable to organise our joint service for Christian Unity in Christchurch Cathredral, as they were engaged in planning the first ever Anglican Sunday Eucharist in Irish in that Cathedral, part of the Brigid 1500 commemorations. However, following meetings between representatives of our two committees since, it was agreed to hold our usual ecumenical service again in 2025.

**Publications**

In early 2023 An Coiste began giving proofing assistance to the printers of the Irish Mass leaflets, *CL Print* in the Galway Gaeltacht, to ensure their texts matched the 2017 *Leabhar Aifrinn Rómhánach,* the 1970 *Leicseanáir*, and the *Ordo*. We continue to provide this service.

By the end of 2024, An Coiste had sold 540 copies of *A Thiarna Déan Trócaire*, our booklet for teachers and parents preparing Gaelscoil pupils for First Reconciliation.

**Support for local congregations**

As we have done since 2020, An Coiste continues to provide material to those helping at Irish Masses, in the Archdiocese and elsewhere: Readings and Prayers of the Faithful as an aid to readers, and Prefaces (not always to be found in the leaflets) and homily notes for celebrants.

**Translations**

It was once usual to provide our congregations with courtesy Irish versions of Archbishop's letters and other diocesan material. In 2021 we noted in our submission to the Diocesan Task Force that the custom might be renewed. This year, the National Board for Safeguarding Children in the Catholic Church in Ireland sought an Irish language version of some of their material, and we were able to engage a professional translator to meet this request.

**Publicity**

During the year an Coiste also engaged in our usual publicity regarding liturgies and other events, via the diocesan communications office, social media, and by email.

June 2025